Seanad 100 Éireann

# Plean Ceachta 4. Mná sa Seanad

## Torthaí Foghlama

Ag deireadh an cheachta seo beidh na daltaí in ann:

1. Míniú a thabhairt ar an méid a chuir Seanadóirí áirithe, ar mná iad, leis an Seanad ó thaobh cúlra polaitiúil, sóisialta agus eacnamaíoch ón gcéad chruinniú go dtí an lá inniu.

## Naisc Churaclaim

- Maidir leis na Seanadóirí a ndéantar cur síos orthu sa cheacht seo, tá ceangal acu le Topaicí 2 agus 3 de shiollabas Staire na hArdteistiméireachta (Éire sa Nua-Aois Dhéanach).

## Acmhainní

- Mná sa Seanad

## Réamhrá

- Bain úsáid as an nasc Mná sa Seanad chun míniú a thabhairt ar an ngá le dóthain ban a bheith ina gcomahltaí den Seanad.

## Forbairt

- Ba Chomhaltaí den Seanad tráth éigin gach duine de na mná seo a leanas. Bain úsáid as an eolas faoi bheatha na mban sin atá ar an suíomh gréasáin Mná sa Seanad chun na ceisteanna faoi gach duine díobh a fhreagairt. (D’fhéadfá Seanadóirí eile a chur san áireamh mar ghníomhaíocht foghlama breise, go háirithe má bhí ceangail áitiúla ag baint leo)

### A. Tras Honan

1. Déan cur síos achomair ar a cúlra agus ar an tslí ar tháinig sí chun bheith ina Seanadóir (Tofa nó Ainmnithe).
2. Cad iad na saincheisteanna a raibh sí i mbun feachtais ar a son le linn di bheith sa Seanad agus cén seasamh a bhí aici ar na saincheisteanna sin?
3. Déan liosta de dhá fhíric shuimiúla ar bith a d’aimsigh tú fúithí nó faoina teaghlach.

**B.** Monica Barnes

1. Déan cur síos achomair ar a cúlra agus ar an tslí ar tháinig sí chun bheith ina Seanadóir (Tofa nó Ainmnithe).
2. Déan cur síos ar an tréimhse luath dá gairm bheatha agus í ag obair ar son an chomhionannais agus chearta na mban.
3. Cad iad na saincheisteanna a raibh sí i mbun feachtais ar a son le linn di bheith sa Seanad (agus níos déanaí mar TD)?

**C.** Máire Mhic Róibín

1. Déan cur síos achomair ar a cúlra agus ar an tslí ar tháinig sí chun bheith ina Seanadóir.
2. Cad iad na saincheisteanna a raibh sí i mbun feachtais ar a son le linn di bheith ag cleachtadh mar abhcóide?
3. Cé is moite dá post mar Sheanadóir, céard eile as a bhfuil cáil uirthi?

**D.** Mary Harney

1. Déan cur síos achomair ar a cúlra agus ar an tslí ar tháinig sí chun bheith ina Seanadóir.
2. Cad iad na saincheisteanna a raibh sí i mbun feachtais ar a son le linn di bheith sa Seanad?
3. Déan liosta d'aon fhíricí eile a bhaineann lena gairm pholaitiúil.

## Clabhsúr:

Lean ort ag déanamh plé ar na mná eile ar comhaltaí den Seanad iad. Bain úsáid as na ceannteidil mholta seo a leanas chun do thaighde a dhéanamh: daoine áitiúla mór le rá, feachtasóirí mór le rá, pearsana stairiúla, etc.